AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2024
(OR. en)

2021/0384(COD) | PE-CONS 62/23

EF 311
ECOFIN 1059
CODEC 1920

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais |

**TREOIR (AE) 2024/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ... .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dteachtaireacht uaidh an 24 Meán Fómhair 2020 dar teideal *A Capital Markets Union for people and businesses – new action plan* [Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua] ('Plean Gníomhaíochta CMU'), d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige togra reachtach a chur síos chun sruth sonraí beo leictreonach leanúnach a chruthú a raibh sé mar aidhm leis léargas cuimsitheach a thabhairt ar phraghsanna agus ar mhéid an chothromais agus na n-ionstraimí airgeadais atá cosúil le cothromas a thrádáiltear ar fud an Aontais agus ar fud ionaid trádála ('teilitéip chomhdhlúite'). I gconclúidí uaithi an 2 Nollaig 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta CMU ón gCoimisiúin, mhol an Chomhairle don Choimisiún tuilleadh gníomhaíochta infheistíochta a spreagadh laistigh den Aontas trí fheabhas a chur ar infhaighteacht agus trédhearcacht sonraí trí mheasúnú breise a dhéanamh ar conas dul i ngleic leis na bacainní roimh theilitéip chomhdhlúite a bhunú san Aontas.

(2) I dteachtaireacht uaidh an 19 Eanáir 2021 dar teideal *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* [Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú], dheimhnigh an Coimisiún go raibh sé beartaithe aige creat thrédhearcacht na margaí urrús a fheabhsú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú tuilleadh, mar chuid den athbhreithniú ar Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Mar chuid de na hiarrachtaí chun ról idirnáisiúnta an euro a láidriú, d'fhógair an Coimisiún freisin go n-áireofaí le hathchóiriú den sórt sin teilitéip chomhdhlúite a dhearadh agus a chur chun feidhme, go háirithe le haghaidh eisiúintí bannaí corparáide, chun trádáil thánaisteach in ionstraimí fiachais atá ainmnithe in euro a mhéadú.

---

[2] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

(3) I gcomhthráth leis an athbhreithniú ar Threoir 2014/65/AE, leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 le Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+4], lena mbaintear na príomhbhacainní a chuir cosc ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite. Tugtar isteach leis an Rialachán sin rannchuidithe éigeantacha sonraí leis an soláthraí teilitéipe comhdhlúite agus cuirtear feabhas ar cháilíocht na sonraí, inter alia, trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar shioncrónú clog gnó. Ina theannta sin, tugtar isteach leis feabhsuithe ar na hoibleagáidí trádála agus an toirmeasc ar an gcleachtas maidir le híocaíocht a fháil as orduithe a fhorghníomhú ó chliaint áirithe ar ionad forghníomhaithe ar leith nó as orduithe na gcliant sin a chur ar aghaidh chuig aon tríú páirtí lena bhforghníomhú ar ionad forghníomhaithe ar leith (‘íocaíocht i leith sreabhadh orduithe’). Ós rud é go bhfuil forálacha i dTreoir 2014/65/AE freisin maidir le teilitéip chomhdhlúite agus trédhearcacht, ba cheart na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a léiriú i dTreoir 2014/65/AE.

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 63/23 (2021/0385(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

[4] Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, le deireadh a chur le bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na hoibleagáidí trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, …/…, …, ELI:…).

(4) Le hAirteagal 1(7) de Threoir 2014/65/AE, maidir le córais agus saoráidí ina bhfuil iliomad leasanna ceannaigh agus díola tríú páirtithe in ionstraimí airgeadais in ann idirghníomhú ('córais iltaobhacha'), ceanglaítear orthu oibriú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le margaí rialáilte, saoráidí trádála iltaobhacha (MTFanna) nó saoráidí trádála eagraithe (OTFanna). Mar sin féin, léirigh cleachtas margaidh, mar atá léirithe ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (ESMA) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] i dtuarascáil deiridh uaidh an 23 Márta 2021 maidir le feidhmiú saoráidí trádála eagraithe, nár seasadh le prionsabal na gníomhaíochta trádála iltaobhaí a bhfuil údarú ag teastáil ina leith san Aontas, rud a fhágann nach bhfuil cothroime iomaíochta ann idir córais iltaobhacha atá údaraithe mar mhargadh rialáilte, MTF nó OTF agus córais iltaobhacha nach bhfuil údaraithe mar sin. Ina theannta sin, chruthaigh an staid sin éiginnteacht dhlíthiúil do rannpháirtithe áirithe sa mhargadh maidir leis na hionchais rialála le haghaidh na gcóras iltaobhach sin. Chun soiléireacht a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh, chun cothroime iomaíochta a chosaint, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an cheanglais a áirithiú nach ndéanann córais hibrideacha gníomhaíochtaí trádála iltaobhacha ach amháin i gcás ina bhfuil siad údaraithe mar mhargadh rialáilte, MTF nó OTF, ba cheart inneachar Airteagal 1(7) de Threoir 2014/65/AE a aistriú ó Threoir 2014/65/AE chuig Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. I bhfianaise córais iltaobhacha a bheith bainte de raon feidhme Airteagal 1(7) de Threoir 2014/65/AE agus iad a bheith áirithe faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, is iomchuí an sainmhíniú 'córas iltaobhach' a aistriú chuig an Rialachán sin freisin.

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(5) Le hAirteagal 2(1), pointe (d)(ii), de Threoir 2014/65/AE, díolmhaítear daoine atá ag déileáil ar a gcuntas féin ón gceanglas a bheith údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó mar institiúid creidmheasa, ach amháin má tá na daoine sin ina gcomhaltaí de mhargadh rialáilte nó MTF nó atá ina rannpháirtithe ann nó má tá rochtain leictreonach dhíreach acu ar ionad trádála. Eintitis neamhairgeadais atá ina gcomhaltaí de mhargadh rialáilte nó de MTF nó atá ina rannpháirtithe ann chun idirbhearta a dhéanamh maidir le bainistiú leachtachta nó chun rioscaí a laghdú a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht tráchtála nó le gníomhaíocht um maoiniú cisteáin, níor cheart a cheangal orthu a bheith údaraithe mar ghnólacht infheistíochta, toisc go mbeadh ceanglas den sórt sin díréireach. Maidir le rochtain leictreonach dhíreach ar ionad trádála, ceanglaítear le hAirteagal 17(5) agus Airteagal 48(7) de Threoir 2014/65/AE gur gnólachtaí infheistíochta údaraithe nó institiúidí creidmheasa údaraithe iad soláthraithe na rochtana leictreonaí dírí. Tá gnólachtaí infheistíochta nó institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn rochtain leictreonach dhíreach freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann a gcliaint na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17(5) agus Airteagal 48(7) de Threoir 2014/65/AE. Tá feidhm an gheatóra éifeachtach agus fágann sí nach gá do chliaint sholáthraí na rochtana leictreonaí dírí, lena n-áirítear daoine atá ag déileáil ar a gcuntas féin, a bheith faoi réir Threoir 2014/65/AE. Ina theannta sin, dá gcuirfí deireadh leis an gceanglas sin, chuirfí le cothroime iomaíochta idir daoine atá bunaithe san Aontas, ar thaobh amháin, agus daoine atá bunaithe i dtríú tír a bhfuil rochtain acu ar ionaid de chuid an Aontais trí rochtain leictreonach dhíreach, nach bhfuil údarás ag teastáil ina leith de réir Threoir 2014/65/AE, ar an taobh eile.

(6) Le hAirteagal 18(7) de Threoir 2014/65/AE, ceanglaítear ar MTFanna agus ar OTFanna triúr comhaltaí nó úsáideoirí ar a laghad atá gníomhach go hábhartha a bheith acu. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin i leith gach córais iltaobhaigh. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sin a leathnú chuig margaí rialáilte.

(7) Foráiltear le Treoir 2014/65/AE nach measfar gnólacht infheistíochta a bheith ina inmheánaitheoir córasach ach amháin i gcás ina meastar go ndéanann sé a chuid gníomhaíochtaí ar bhonn eagraithe, minic, córasach agus substaintiúil nó i gcás ina roghnaíonn sé a bheith páirteach faoi chóras na n-inmheánaitheoirí córasacha. Is trí chritéir cháilíochtúla a chinntear bonn minic, córasach agus substaintiúil. Mar thoradh air sin, tá ualach iomarcach ar na gnólachtaí infheistíochta a gceanglaítear orthu an measúnú a dhéanamh, agus ar ESMA, a gceanglaítear air sonraí a fhoilsiú chun críocha an mheasúnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú cáilíochtúil a chur in ionad an mheasúnaithe ar bhonn na gcritéar sin. Ag cur san áireamh go leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun inmheánaitheoirí córasacha a eisiamh ó raon feidhme na gceanglas trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh ionstraimí neamhchothromais, níor cheart feidhm a bheith ag an measúnú cáilíochtúil ar inmheánaitheoirí córasacha ach amháin maidir le hionstraimí cothromais. Ba cheart, áfach, do ghnólacht infheistíochta a bheith in ann a roghnú a bheith ina inmheánaitheoir córasach le haghaidh ionstraimí neamhchothromais.

(8) In Airteagal 27(3) agus (6) de Threoir 2014/65/AE, tá an ceanglas ar ionaid forghníomhaithe tuarascálacha a fhoilsiú ina bhfuil liosta sonraí a bhaineann leis an oibleagáid orduithe a fhorghníomhú ar na téarmaí is fabhraí don chliant (‘an forghníomhú is fearr’). Le fianaise agus aiseolas ó gheallsealbhóirí, léiríodh gurb annamh a léitear na tuarascálacha sin agus nach gcuireann siad ar chumas infheisteoirí ná úsáideoirí eile na dtuarascálacha sin comparáidí fóinteacha a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar iontu. Mar iarmhairt air sin, le Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], cuireadh an ceanglas um thuairisciú faoi Airteagal 27(3) de Threoir 2014/65/AE ar fionraí ar feadh 2 bhliain ionas go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas sin. Le Rialachán (AE) .../...[+], leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun na bacainní lenar cuireadh cosc ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite a bhaint. Is iad na sonraí a mheastar a scaipfear leis an teilitéip chomhdhlúite ná an scothphraghas Eorpach tairisceana agus ofrála, faisnéis iarthrádála maidir le hidirbhearta i scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna) agus faisnéis iarthrádála maidir le hidirbhearta i mbannaí agus díorthaigh thar an gcuntar. Is féidir an fhaisnéis sin a úsáid chun cruthúnas a thabhairt ar an bhforghníomhú is fearr. Dá bhrí sin, ní bheidh an ceanglas um thuairisciú a leagtar síos in Airteagal 27(3) de Threoir 2014/65/AE ábhartha a thuilleadh agus ba cheart é a bhaint.

---

6 Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise, rialachas táirgí agus teorainneacha suímh, agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/878 a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta, chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 14).

+ IO: Cuir isteach sa téac uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 63/23 (2021/0385(COD)).

(9) Tá tuilleadh forálacha ginearálta a bhaineann leis an bhforghníomhú is fearr in Airteagal 27 de Threoir 2014/65/AE freisin. Mar sin féin, mar thoradh ar léirmhínithe éagsúla ar an Airteagal sin ag údaráis inniúla náisiúnta, tá éagsúlachtaí sa chur chuige i leith chur i bhfeidhm na gceanglas maidir leis an bhforghníomhú is fearr agus maoirseacht ar chleachtais mhargaidh. Is léir an éagsúlacht sin go háirithe sna bealaí éagsúla ina ndéantar rialáil ar fud an Aontais ar chleachtais a bhaineann le híocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe. Le Rialachán (AE) .../...+ lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cuirtear toirmeasc ar ghnólachtaí infheistíochta íocaíochtaí den sórt sin a fháil ar fud an Aontais. Mar sin féin, le haiseolas ó rialálaithe agus ó gheallsealbhóirí, léiríodh go bhféadfadh na ceanglais maidir leis an bhforghníomhú is fearr do chliaint ghairmiúla leas a bhaint as soiléiriú breise freisin. Ba cheart do ESMA, dá bhrí sin, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis na critéir atá le cur san áireamh chun éifeachtacht an bheartais forghníomhúcháin orduithe a shuí agus chun measúnú a dhéanamh uirthi de bhun Airteagal 27(5) agus (7) de Threoir 2014/65/AE, agus an difríocht idir cliaint mhiondíola agus cliaint ghairmiúla á cur san áireamh.

+ IO: Cuir isteach sa téac uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 63/23 (2021/0385(COD)).

(10) Braitheann feidhmiú ceart teilitéipe comhdhlúite ar cháilíocht na sonraí a fhaigheann an soláthraí teilitéipe comhdhlúite. Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 na ceanglais maidir le cáilíocht sonraí ar cheart do rannchuiditheoirí leis an teilitéip chomhdhlúite cloí leo. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta agus oibreoirí margaidh a bhfuil MTF nó OTF á oibriú acu, agus margaí rialáilte, na ceanglais sin go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a cheangal go mbeidh na socruithe is gá i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta, oibreoirí margaidh agus margaí rialáilte den sórt sin chun an méid sin a dhéanamh.

(11) Tá sé ríthábhachtach sonraí ardcháilíochta a fháil i gcomhair fheidhmiú na teilitéipe comhdhlúite agus an mhargaidh inmheánaigh agus, le fáil sonraí den sórt sin, éilítear ar na rannchuiditheoirí sonraí uile agus ar an soláthraí teilitéipe comhdhlúite stampa ama a chur lena gcuid sonraí ar bhealach sioncrónaithe agus ar an gcaoi sin a gcloig ghnó a shioncrónú. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) .../...[+], leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun an ceanglas sin a leathnú chuig inmheánaitheoirí córasacha, chuig eintitis foilsitheoireachta ainmnithe, chuig socruithe formheasta maidir le foilsiú agus chuig soláthraithe teilitéipe comhdhlúite, ar ceanglas é nach bhfuil feidhm aige ach maidir le hionaid trádála agus a gcomhaltaí, rannpháirtithe nó úsáideoirí faoi Threoir 2014/65/AE. Ós rud é go leagtar síos an ceanglas sin i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 anois, is féidir é a bhaint de Threoir 2014/65/AE.

[+] IO: Cuir isteach sa téac uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 63/23 (2021/0385(COD)).

(12) Laistigh den chreat lena rialáiltear margaí ionstraimí airgeadais an Aontais, déantar maoirseacht ar go leor ceanglais shubstainteacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, agus forchuirtear smachtbhannaí agus bearta, ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 69 agus 70 de Threoir 2014/65/AE. Le Rialachán (AE) .../...[+], leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun rialacha nua a chuimsiú maidir leis an sásra caidhpeála méide, maidir le rannchuidithe éigeantacha sonraí leis an soláthraí teilitéipe comhdhlúite, maidir le caighdeáin cáilíochta sonraí a bhfuil rannchuiditheoirí faoina réir agus maidir leis an toirmeasc ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe. Ós rud é gurb iad na húdaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis ábhartha, ba cheart na ceanglais shubstainteacha nua sin a chur leis an liosta d'fhorálacha i dTreoir 2014/65/AE a bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí ina leith ar an leibhéal náisiúnta.

---

[+] IO: Cuir isteach sa téac uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 63/23 (2021/0385(COD)).

(13) Tá rialacha i dTreoir 2014/65/AE lena gceanglaítear ar ionaid trádála sásraí a chur chun feidhme atá ceaptha chun teorainn a chur le luaineacht iomarcach sna margaí, go háirithe stopanna trádála agus coiléir praghsanna. Mar sin féin, mar gheall ar na cúinsí foircneacha ina raibh margaí do dhíorthaigh fuinnimh agus do dhíorthaigh tráchtearraí le linn ghéarchéim fuinnimh 2022, rinneadh grinnscrúdú breise ar na sásraí sin agus léiríodh go bhfuil easpa trédhearcachta ann maidir le gníomhachtú na sásraí sin ag na hionaid trádála ábhartha san Aontas, mar a tugadh chun suntais i bhfreagra ESMA an 22 Meán Fómhair 2022 ar iarraidh an Choimisiúin ar chomhairle chun aghaidh a thabhairt ar an luaineacht iomarcach i margaí do dhíorthaigh fuinnimh. Bhainfeadh rannpháirtithe sa mhargadh tairbhe as tuilleadh faisnéise agus as tuilleadh trédhearcachta maidir leis na cúinsí as a dtagann stop nó srian le trádáil agus maidir leis na prionsabail atá le breithniú ag margaí rialáilte chun na príomhpharaiméadair theicniúla a bhunú maidir le stop nó srian a chur le trádáil. Ba cheart do ESMA, trí bhíthin dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, na prionsabail a bhunú atá le breithniú ag margaí rialáilte chun na príomhpharaiméadair theicniúla a bhunú maidir le stop nó srian a chur le trádáil. De bharr a thábhachtaí atá sé trádáil ordúil a áirithiú, ba cheart do mhargaí rialáilte lánrogha leathan a choinneáil a mhéid a bhaineann leis na sásraí atá le húsáid agus leis na paraiméadair atá le socrú do na sásraí sin. Ina theannta sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán cúramach a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann ionaid trádála as na sásraí sin agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as a gcumhachtaí maoirseachta i gcás inarb iomchuí.

(14) Tar éis ghéarchéim fuinnimh 2022 agus na nglaonna níos airde agus níos minice ar éarlais agus na luaineachta foircní a tháinig aisti, tá údar le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar a iomchuí atá creat foriomlán na margaí do dhíorthaigh tráchtearraí, na margaí do lamháltais astaíochtaí agus na margaí do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí. Ba cheart béim straitéiseach a bheith ag measúnú den sórt sin agus ba cheart leachtacht agus feidhmiú cuí na margaí do dhíorthaigh tráchtearraí, do lamháltais astaíochtaí agus do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí san Aontas a chur san áireamh ann chun a áirithiú go bhfuil an creat lena rialaítear na margaí sin oiriúnach don fheidhm chun an t-aistriú fuinnimh a éascú agus chun an tslándáil bia agus cumas na margaí dul i ngleic le suaití seachtracha a áirithiú. Agus a anailís á déanamh aige, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh freisin go bhfuil ról tábhachtach ag margaí do dhíorthaigh tráchtearraí chun a áirithiú gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh bainistiú cuí a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí gnó, agus go bhfuil sé an-tábhachtach na paraiméadair chearta a shocrú chun a áirithiú go bhfuil margaí iomaíocha leachtacha do dhíorthaigh tráchtearraí ag an Aontas lena n-áirithítear neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais agus lena n-áirithítear go ndéanfar an Comhaontú Glas don Eoraip a sholáthar. Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh, ba cheart don Choimisiún, ar an gcéad dul síos, measúnú a dhéanamh i dtaobh an raibh na córais le haghaidh na dteorainneacha suímh agus na rialuithe ar bhainistiú suímh fabhrach do dhrochúsáid mhargaidh a chosc agus don tacaíocht do choinníollacha praghsála agus socraíochta ordúla. Ba cheart a shuí sa mheasúnú sin freisin a mhéid a bhí margaí nuaghinte do dhíorthaigh fuinnimh in ann forbairt san Aontas.

Ar an dara dul síos, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na critéir lena gcinntear cathain a mheasfar gníomhaíocht a bheith coimhdeach leis an bpríomhghnó ar leibhéal grúpa, agus leachtacht fhoriomlán sna margaí do dhíorthaigh tráchtearraí, do lamháltais astaíochtaí agus do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí, agus feidhmiú ordúil na margaí sin, á gcur san áireamh. Tá méadú ag teacht ar ról na gcuideachtaí fuinnimh mar chruthaitheoirí margaidh sna margaí do dhíorthaigh fuinnimh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún iarmhairt fhoriomlán na díolúine ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha a chur san áireamh trí fhéachaint ní hamháin ar an údarú ach freisin ar iarmhairt na gceanglas stuamachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus oibleagáidí maidir le himréiteach, éarlaisiú agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Ar an tríú dul síos, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfaí sonraí idirbhirt i margaí do dhíorthaigh tráchtearraí nó do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí a bhailiú in eintiteas bailithe aonair agus a chomhchuibhiú thar Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 648/2012 maidir le líon na réimsí sonraí, an fhormáid, na teicneolaíochtaí tíolactha, na próisis admhála teicniúla agus na faighteoirí sonraí. D'fhéadfadh sé gurb é an t-eintiteas bailithe aonair an soláthraí teilitéipe comhdhlúite do dhíorthaigh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh cad iad na sonraí idirbhirt a bheadh ábhartha don phobal agus na caoi is fearr a scaipfí na sonraí idirbhirt sin.

---

7 Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

8 Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

(15) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas: na critéir atá le cur san áireamh chun éifeachtacht an bheartais forghníomhúcháin orduithe a shuí agus chun measúnú a dhéanamh uirthi; na prionsabail atá le breithniú ag margaí rialáilte agus a sásraí á mbunú chun stop nó srian a chur le trádáil; agus an fhaisnéis atá le nochtadh ag margaí rialáilte maidir leis na cúinsí is siocair le stop nó srian a chur le trádáil, lena n-áirítear na paraiméadair maidir le stop a chur le trádáil a bhfuil margaí rialáilte le tuairisciú do na húdaráis inniúla. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(16) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon feabhas a chur ar thrédhearcacht ar mhargaí in ionstraimí airgeadais agus cur le hiomaíochas idirnáisiúnta mhargaí caipitil an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fairsinge agus a héifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/65/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2014/65/AE*

Leasaítear Treoir 2014/65/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, scriostar mír 7;

(2) in Airteagal 2(1), pointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) ina gcomhaltaí de mhargadh rialáilte nó MTF nó ina rannpháirtithe i margadh rialáilte nó in MTF, ach amháin i gcás eintitis neamhairgeadais a dhéanann idirbhearta ar ionad trádála i gcás ina bhfuil idirbhearta den sórt sin ina gcuid de bhainistiú leachtachta nó intomhaiste go hoibiachtúil mar idirbhearta a laghdaíonn rioscaí a bhaineann go díreach le gníomhaíocht tráchtála na n-eintiteas neamhairgeadais sin nó a ngrúpaí nó le gníomhaíocht um maoiniú cisteáin na n-eintiteas neamhairgeadais sin nó a ngrúpaí;’;

(3) in Airteagal 4, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (19):

‘(19) ciallaíonn ‘córas iltaobhach’ córas iltaobhach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (11), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (20):

'(20) ciallaíonn 'inmheánaitheoir córasach' gnólacht infheistíochta a dhéileálann ar a gcuntas féin in ionstraimí airgeadais, ar bhonn eagraithe, minic agus córasach, trí orduithe cliaint a fhorghníomhú lasmuigh de mhargadh rialáilte, MTF nó OTF, gan córas iltaobhach a fheidhmiú, nó a roghnaíonn stádas an inmheánaitheora chórasaigh a bheith aige;';

(4) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Maidir le hionstraimí airgeadais atá faoi réir na n-oibleagáidí trádála a leagtar síos in Airteagail 23 agus 28 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólacht infheistíochta cliant a chur ar an eolas, tar éis ordú a fhorghníomhú thar ceann an chliaint, faoin ionad inar forghníomhaíodh an t-ordú.';

(c) scriostar mír 6;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta a dhéanann orduithe cliant a fhorghníomhú faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a socruithe forghníomhúcháin orduithe agus ar a mbeartas forghníomhúcháin orduithe chun aon easnaimh a shainaithint agus, i gcás inarb iomchuí, a cheartú. Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta den sórt sin measúnú a dhéanamh, ar bhonn tráthrialta, ar cibé an soláthraítear, leis na hionaid forghníomhaithe a áirítear sa bheartas forghníomhúcháin orduithe, an toradh is fearr is féidir don chliant nó an gá dóibh athruithe a dhéanamh ar a socruithe forghníomhúcháin. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta aon athruithe ábhartha ar a socruithe forghníomhúcháin orduithe nó ar a mbeartas forghníomhúcháin orduithe a chur in iúl do chliaint a bhfuil caidreamh cliaint leanúnach acu leo.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na critéir a shonrú atá le cur san áireamh agus éifeachtacht an bheartais forghníomhúcháin orduithe á suí, agus measúnú á dhéanamh uirthi, de bhun mhíreanna 5 agus 7, ag cur san áireamh cé acu thar ceann cliaint mhiondíola nó thar cheann cliaint ghairmiúla a dhéantar na horduithe a fhorghníomhú.

Áireofar na nithe seo a leanas ar a laghad sna critéir sin:

(a) tosca lena gcinntear rogha na n-ionad forghníomhaithe a áirítear sa bheartas forghníomhúcháin orduithe;

(b) a mhinice a dhéantar measúnú ar an mbeartas forghníomhúcháin orduithe agus a thugtar cothrom le dáta é;

(c) an chaoi le haicmí ionstraimí airgeadais a shainaithint amhail dá dtagraítear i mír 5.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(5) in Airteagal 31(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar oibreoirí margaidh a bhfuil MTF nó OTF á oibriú acu socruithe a bheith i bhfeidhm acu chun a áirithiú go gcomhlíonann siad caighdeáin cáilíochta sonraí de bhun Airteagal 22b de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.';

(6) in Airteagal 47(1), cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(g) socruithe a bheith i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíonann sé caighdeáin cáilíochta sonraí de bhun Airteagal 22b de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;

(h) triúr comhaltaí nó úsáideoirí ar a laghad atá gníomhach go hábhartha a bheith aige, agus deis ag gach duine acu idirghníomhú leis na daoine eile go léir maidir le praghasmhúnlú.’;

(7) leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhargadh rialáilte a bheith in ann stop nó srian a chur go sealadach le trádáil i gcásanna éigeandála nó i gcás ina bhfuil gluaiseacht shuntasach praghsanna in ionstraim airgeadais ar an margadh sin nó ar mhargadh gaolmhar le linn tréimhse ghearr agus, i gcásanna eisceachtúla, a bheith in ann aon idirbheart a chealú, a athrú nó a cheartú. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhargadh rialáilte a áirithiú go ndéanfar na paraiméadair chun stop nó srian a chur le trádáil a chalabrú go hiomchuí ar bhealach ina gcuirtear san áireamh leachtacht aicmí sócmhainní difriúla agus fo-aicmí sócmhainní difriúla, cineál na samhla margaidh agus na cineálacha úsáideoirí, agus gur leor iad chun suaitheadh suntasach ar ordúlacht na trádála a sheachaint.’;

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhargadh rialáilte faisnéis a nochtadh go poiblí ar a shuíomh gréasáin faoi na himthosca is siocair le stop nó srian a chur le trádáil agus faoi na prionsabail chun na príomhpharaiméadair theicniúla a bhunú a úsáidtear chun é sin a dhéanamh.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach ndéanann margadh rialáilte stop nó srian a chur le trádáil amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, d’ainneoin gluaiseacht shuntasach praghsanna in ionstraim airgeadais nó in ionstraimí airgeadais gaolmhara a bheith ina cúis le dálaí trádála mí-ordúla ar mhargadh amháin nó ar roinnt margaí, go mbeidh údaráis inniúla in ann bearta iomchuí a dhéanamh chun gnáthfheidhmiú na margaí a athbhunú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na cumhachtaí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 69(2), pointí (m) go (p).’;

(b) leasaítear mír 12 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(h) na prionsabail atá le breithniú ag margaí rialáilte agus a sásraí á mbunú chun stop nó srian a chur le trádáil i gcomhréir le mír 5, agus leachtacht aicmí sócmhainní difriúla agus fo-aicmí sócmhainní difriúla, cineál na samhla margaidh agus na cineálacha úsáideoirí á gcur san áireamh, agus gan dochar do lánrogha na margaí rialáilte maidir leis na sásraí sin a shocrú;

(i) an fhaisnéis atá le nochtadh ag margaí rialáilte, lena n-áirítear na paraiméadair chun stop a chur le trádáil a bhfuil margaí rialáilte le tuairisciú do na húdaráis inniúla, de bhun mhír 5.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú fomhír:

‘Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(c) scriostar mír 13;

(8) in Airteagal 49(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘I leith scaireanna a bhfuil Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (ISIN) arna heisiúint lasmuigh den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE) acu, nó scaireanna a bhfuil ISIN LEE acu agus a thrádáiltear ar ionad tríú tír san airgeadra áitiúil nó in airgeadra neamh-LEE, amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, dá bhfuil an t-ionad arb é an margadh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta é i dtríú tír, féadfaidh margaí rialáilte foráil don mhéid tic chéanna a bhfuil feidhm aici ar an ionad sin.’;

(9) scriostar Airteagal 50;

(10) leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Teorainneacha suímh i ndíorthaigh tráchtearraí agus rialuithe ar bhainistiú suímh i ndíorthaigh tráchtearraí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí’;

(b) i mír 8, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a oibríonn ionad trádála a thrádálann i ndíorthaigh tráchtearraí nó díorthaigh lamháltas astaíochtaí rialuithe ar bhainistiú suímh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cumhachtaí don ionad trádála chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:’;

(ii) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) faisnéis, lena n-áirítear an doiciméadacht ábhartha uile, a fháil ó dhaoine faoi mhéid agus cuspóir suímh nó neamhchosanta a rinneadh, faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla nó úinéirí foluiteacha, aon socruithe comhbheartaithe, agus aon sócmhainní gaolmhara nó dliteanais ghaolmhara sa mhargadh foluiteach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, suíomhanna arna sealbhú i ndíorthaigh lamháltas astaíochtaí nó suíomhanna arna sealbhú i ndíorthaigh tráchtearraí atá bunaithe ar an luach foluiteach céanna agus a bhfuil na saintréithe céanna acu ar ionaid trádála eile agus i gconarthaí thar an gcuntar atá coibhéiseach go heacnamaíoch trí chomhaltaí agus rannpháirtithe;’;

(11) leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a oibríonn ionad trádála a thrádálann i ndíorthaigh tráchtearraí nó díorthaigh lamháltas astaíochtaí an méid seo a leanas:’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an méid seo a leanas a phoibliú:

(i) i gcás ionaid trádála a dtrádáiltear roghanna iontu, dhá thuarascáil sheachtainiúla, a bhfuil roghanna le heisiamh i gceann amháin acu, leis na suíomhanna comhiomlána atá i seilbh na gcatagóirí éagsúla de dhaoine maidir leis na díorthaigh tráchtearraí nó na díorthaigh éagsúla lamháltas astaíochtaí a thrádáiltear ar a n-ionad trádála, lena sonraítear líon na suíomhanna fada agus gearra de réir catagóirí den sórt sin, athruithe a ndearnadh orthu sa tréimhse ón tuarascáil roimhe sin, an céatadán den ús oscailte iomlán arna léiriú ag gach catagóir, agus líon na ndaoine a bhfuil suíomh acu i ngach catagóir i gcomhréir le mír 4;

(ii) i gcás ionaid trádála nach dtrádáiltear roghanna iontu, tuarascáil sheachtainiúil ar na gnéithe a leagtar amach i bpointe (a);’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a oibríonn ionad trádála a thrádálann i ndíorthaigh tráchtearraí nó díorthaigh lamháltas astaíochtaí, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh sé na tuarascálacha dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír in iúl don údarás inniúil agus do ESMA. Rachaidh ESMA ar aghaidh leis an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha sin a fhoilsiú ar bhonn láraithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta a thrádálann i ndíorthaigh tráchtearraí nó díorthaigh lamháltas astaíochtaí lasmuigh d’ionad trádála miondealú iomlán ar a suíomhanna arna nglacadh i gconarthaí thar an gcuntar atá coibhéiseach go heacnamaíoch, chomh maith leis na suíomhanna sin dá gcliaint agus de chliaint na gcliant sin go dtí go sroichtear an cliant deiridh, a sholáthar, ar bhonn laethúil ar a laghad, don údarás inniúil lárnach dá dtagraítear in Airteagal 57(6) nó – i gcás nach ann d’údarás inniúil lárnach – d’údarás inniúil an ionaid trádála ina dtrádáiltear na díorthaigh tráchtearraí nó díorthaigh lamháltas astaíochtaí, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.’;

(c) i mír 4, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Maidir le daoine a shealbhaíonn suíomhanna i ndíorthach tráchtearraí nó i ndíorthach lamháltas astaíochtaí, aicmeoidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a oibríonn an t-ionad trádála sin iad de réir chineál a bpríomhghnó, agus aon údarú is infheidhme á chur san áireamh, mar cheann amháin díobh seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) i gcás díorthaigh lamháltas astaíochtaí, oibreoirí a bhfuil oibleagáidí comhlíonta orthu faoi Threoir 2003/87/CE.’;

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘I gcás díorthaigh lamháltas astaíochtaí, ní dhéanfar dochar leis an tuairisciú do na oibleagáidí comhlíonta faoi Threoir 2003/87/CE.’;

(12) leasaítear Airteagal 70(3) mar a leanas:

(a) i bpointe (a), scriostar pointe (xxx);

(b) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(iia) Airteagal 5;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

'(v) Airteagal 8(1);

(va) Airteagal 8a(1) agus (2);

(vb) Airteagal 8b;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (vii):

'(vii) Airteagal 11(1), an dara fomhír, an chéad abairt, Airteagal 11(1a), an dara fomhír, Airteagal 11(1b) agus Airteagal 11(3), an ceathrú fomhír;

(viia) Airteagal 11a(1), an dara fomhír, an chéad abairt, agus Airteagal 11a(1), an ceathrú fomhír;';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (ix), (x) agus (xi):

‘(ix) Airteagal 13(1) agus (2);

(x) Airteagal 14(1), (2) agus (3);

(xi) Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara fomhír, an chéad abairt agus an tríú habairt, agus an ceathrú fomhír, Airteagal 15(2) agus Airteagal 15(4), an dara habairt;’;

(v) scriostar pointe (xiii);

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (xiv):

‘(xiv) Airteagal 20(1) agus (1a) agus Airteagal 20(2), an chéad abairt;’;

(vii) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(xvia) Airteagal 22a(1) agus (5) go (8);

(xvib) Airteagal 22b(1);

(xvic) Airteagal 22c(1);’;

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (xxi):

‘(xxi) Airteagal 28(1);’;

(ix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (xxiv):

'(xxiv) Airteagal 31(3);';

(x) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(xxviia) Airteagal 39a;';

(13) in Airteagal 90, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, ÚBE agus ACER, tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh measúnú cuimsitheach ar na margaí do dhíorthaigh tráchtearraí, do lamháltais astaíochtaí agus do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí. Déanfar measúnú sna tuarascálacha sin, i gcás gach ceann de na gnéithe seo a leanas ar a laghad, ar a rannchuidiú le leachtacht agus feidhmiú cuí mhargaí an Aontais do dhíorthaigh tráchtearraí, do lamháltais astaíochtaí nó do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí:

(a) na córais maidir leis na teorainneacha suímh agus na rialuithe ar bhainistiú suímh, ar bhonn sonraí arna soláthar ag na húdaráis inniúla do ESMA i gcomhréir le hAirteagal 57(5) agus (10);

(b) na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 2(4), an dara fomhír agus an tríú fomhír, den Treoir seo agus na critéir lena gcinntear cathain a mheasfar gníomhaíocht a bheith coimhdeach leis an bpríomhghnó ar leibhéal grúpa de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1833 ón gCoimisiún*, agus aird á tabhairt ar chumas na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (j), den Treoir seo idirbhearta a dhéanamh chun rioscaí a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht tráchtála nó leis an ngníomhaíocht um maoiniú cisteáin a laghdú go héifeachtach, cur i bhfeidhm ceanglas ón 26 Meitheamh 2026 maidir le gnólachtaí infheistíochta atá speisialaithe i ndíorthaigh tráchtearraí nó lamháltais astaíochtaí nó díorthaigh díobh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2033 agus na ceanglais maidir le contrapháirtithe airgeadais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(c) i gcás idirbhearta i margaí do dhíorthaigh tráchtearraí nó do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí, na príomheilimintí chun sonraí comhchuibhithe a fháil, bailiú sonraí idirbhirt ag eintiteas bailithe aonair, agus an fhaisnéis ábhartha faoi shonraí idirbhirt atá le cur ar fáil go poiblí agus an fhormáid is iomchuí chun na sonraí idirbhirt sin a chur ar fáil go poiblí.

Tíolacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

– an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo faoin 31 Iúil 2024, agus

– na tuarascálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), den mhír seo faoin 31 Iúil 2025.

Beidh togra reachtach ag gabháil leis na tuarascálacha sin, i gcás inarb iomchuí, maidir le hathruithe spriocdhírithe ar na rialacha margaidh maidir le creat na ndíorthach tráchtearraí, na lamháltas astaíochtaí nó na ndíorthach lamháltas astaíochtaí.

---

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1833 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na critéir lena gcinntear cathain a mheasfar gníomhaíocht a bheith coimhdeach leis an bpríomhghnó ar leibhéal an ghrúpa (IO L 372, 20.10.2021, lch. 1).'.

*Airteagal 2*

*Trasuí*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |